AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999

753

# STAIR - ARDLEIBHÉAL

(400 marc)

DÉARDAOIN, 10 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 5.00

---

**Ná freagair ach as AON CHÚRSA AMHÁIN (Cúrsa I nó Cúrsa II). Tá na ceisteanna go léir ar chómharc.**

## CÚRSA I

**Sibhialtacht an Renaissance**
**(Stair na hÉireann, 1477 - 1625; Stair na hEorpa, 1453-1618)**

**CÚIG CHEIST** a fhreagairt. Ná freagair ach ceist **AMHÁIN** as gach ceann de na ranna **A, B, C, D, E.**

---

### A

**A.1. Gearóid Mór**
*An pháirt a ghlac Gearóid Mór, an t-ochtú hIarla ar Chill Dara, i gcúrsaí na hÉireann sa tréimhse 1478-1513, léirigh sé láidreachtaí agus laigí theaghlach Chill Dara.* Pléigh é sin. (80)

**A.2. Buitléirigh Urmhumhan**
Déan plé ar an bpáirt a ghlac Buitléirigh Urmhumhan i gcúrsaí na hÉireann ó 1477 suas go dtí bás Anraí VIII i 1547. (80)

**A.3. Éire na nGael**
*Bhí Éire na nGael suntasach ó thaobh shaol na dtuatach agus ó thaobh shaol na cléire de i dtréimhse na dTúdarach.*
Pléigh é sin. (80)

**A.4. Athruithe i gCúrsaí Creidimh.**
Déan plé ar cé chomh mór is a tharla athruithe i gcúrsaí creidimh in Éirinn i rith réimis Anraí VIII agus Éadbhard VI, sa tréimhse, 1509 –1553. (80)

**A.5. An Bhanríon Máire Túdar**
Déan trácht ar pholasaithe creidimh agus polasaithe polaitíochta an Bhanríon Máire Tudar in Éirinn, 1553 – 1558. (80)

---

### B

**B.1. Eilís I**
Déan trácht ar staid na gCaitliceach in Éirinn i rith réimeas Eilís I, 1558 – 1603. (80)

**B.2. An Mhumha**
Maidir leo sin a chuir i gcoinne riail na banríona Eilís I i gCúige Mumhan, déan plé ar na *cúiseanna* a bhí taobh thiar den fhreasúra agus ar na *modhanna oibre* a bhí acu. (80)

**B.3. Cogadh na Naoi mBliana**
Mínigh cén fath ar éirigh chomh maith sin i dtús báire i gCogadh na Naoi mBliana le hAodh Ó Néill agus gur theip air ar deireadh thiar. (80)

**B.4. Plandálacha**
Cé chomh éifeachtach is a bhí Plandáil Uladh *mar fhórsa cumhachtach chun athrú a chur i gcrích i saol na hÉireann*? (80)

**B.5. Mountjoy agus Chichester**
*Ba chumasach an bheirt iad i seirbhís na coróineach in Éirinn iad an Tiarna Mountjoy (Charles Blount), 1600 – 1603, agus Sir Arthur Chichester, 1605 – 1615.* Pléigh é sin. (80)

---



THALL →

## C

**C.1. Monarcachtaí**
*Rinne monairc iarracht an t-údarás ríoga a láidriú sa bhaile agus cáil a thuilleamh thar lear.*
Déan é sin a phlé agus tagairt á dhéanamh agat do cheann AMHÁIN díobh seo: an Fhrainc faoi Lughbhaidh XI **nó** Sasana faoi Annraí VII. (80)

**C.2. An Renaissance san Iodáil**
*Bhí an dá rud i gceist maidir leis an Renaissance san Iodáil, is iad sin athbheochan sa léann claisiceach agus athruithe sna healaíona.* Pléigh é sin. (80)

**C.3. Taiscéalaíocht agus Gabháil Tailte**
*An lucht taiscéalaíochta agus na fórsaí gabhála a sheol amach chun farraige ón Eoraip sa 15ú haois agus sa 16ú haois, spreagadh chun siúil iad de thoradh cúiseanna éagsúla.* Pléigh é sin. (80)

**C.4. An Fhrainc agus an Iodáil**
Déan trácht ar an bpáirt a ghlac ríthe na Fraince i gcúrsaí na hIodáile, 1494 –1529. (80)

**C.5. Erasmus**
*D'fhéadfaí a rá gur chuidigh Erasmus leis an Renaissance agus freisin leis an Reifirméisean.*
Agus aird á thabhairt agat ar an ráiteas thuas, déan plé ar ghnímhréim Desiderius Erasmus, 1466(?) – 1536. (80)

## D

**D.1. Martain Liútar**
*Ba mhór an chaoi ar chuidigh Liútar leis an Reifirméisean sa Ghearmáin trína phearsanacht agus a ghníomhartha.* Déan plé ar sin. (80)

**D.2. An Chailvíneachas**
*Ba í an Chailvíneachas bunchloch na ngluaiseachtaí Protastúnacha sa Fhrainc, sa Ghinéiv, in Albain agus san Ollainn.*
Déan trácht ar shaol na ndaoine sa Ghinéiv faoi réimeas Calvin agus tabhair cúiseanna le dul chun cinn an Chailvíneachais sa Fhrainc NÓ in Albain NÓ san Ollainn. (80)

**D.3. An Frith-Reifirméisean**
Déan plé ar cé chomh mór agus
(i) a rinne an Frith-Reifirméisean leasú ar an Eaglais,
(ii) a chuir sé cosc le leathnú an Phrotastúnachais. (80)

**D.4. Pilib II na Spáinne**
Tabhair breithmheas ar an bpáirt a ghlac Pilib II, (1556-1598) i stair na Spáinne. (80)

**D.5. An Cogadh Tríocha Bliain**
Déan plé ar na dálaí creidimh agus na dálaí polaitíochta ba shiocair le briseadh amach an Chogaidh Tríocha Bliain. (80)

## E

**E.1. Ábhar Taighde; Éire, 1477-1625**

(i) Scríobh cuntas ar an topaic i stair na hÉireann, 1477 – 1625, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nár úsáid tú** sna freagraí i Roinn **A** nó i Roinn **B**. (56)

(ii) Tabhair **dhá** chúis, bunaithe ar stair na hÉireann, ar cheap tú gurbh fhiú staidéar speisialta a dhéanamh ar an topaic seo. (6)

(iii) Ainmnigh **dhá** fhoinse a scrúdaigh tú chun eolas a fháil ar do ábhar taighde, agus tabhair breithmheas ar **ceann amháin** de na foinsí sin. (10)

(iv) Déan cur síos ar na modhanna a úsáid tú chun eolas a thógaint as na foinsí a ainmnigh tú i (iii) thuas. (8)

**E.2. Aiste**
Scríobh aiste ar **CEANN AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(i) An Pháil.
(ii) Polasaí *géilleadh agus athbhronnadh.*
(iii) Seán Ó Néill.
(iv) Armáid na Spáinne agus Éire.
(v) Na hÉireannaigh ar Mhórroinn na hEorpa sa séú haois déag agus i dtús an seachtú haois déag.

(80)

**E.3. Ábhar Taighde; An Eoraip, 1453-1618**

(i) Scríobh cuntas ar an topaic i stair na hEorpa, 1453-1618, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nár úsáid tú** sna freagraí i Roinn **C** nó i Roinn **D**. (56)

(ii) Tabhair **dhá** chúis, bunaithe ar stair na hEorpa, ar cheap tú gurbh fhiú staidéar speisialta a dhéanamh ar an topaic seo. (6)

(iii) Ainmnigh **dhá** fhoinse a scrúdaigh tú chun eolas a fháil ar do ábhar taighde, agus tabhair breithmheas ar **ceann amháin** de na foinsí sin. (10)

(iv) Déan cur síos ar na modhanna a úsáid tú chun eolas a thógaint as na foinsí a ainmnigh tú i (iii) thuas. (8)

**E.4. Aiste**
Scríobh aiste ar **CEANN AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(i) Mar a leag Ferdinando agus Isabella bunchloch le haghaidh aontacht agus cumhacht na Spáinne.
(ii) Na Turcaigh Otamánacha, 1453 – 1571.
(iii) Sasana le linn Eilíse : Aois Órga?
(iv) An Sár Ivan IV, *An Uafáis*, 1533 – 1584.
(v) An tionchar a bhí ag printeáil ar an Eoraip. (80)

# CÚRSA II

## Sibhialtacht na Linne Seo
## (Stair na hÉireann, 1868-1966; Stair na hEorpa, 1870-1966)

**CÚIG CHEIST** a fhreagairt. Ná freagair ach ceist **AMHÁIN** as gach ceann de na ranna **A, B, C, D, E.**

### A

**A.1 Talmhaíocht in Éirinn**
Déan trácht ar an gcaoi a d'éirigh le talmhaíocht in Éirinn sa tréimhse, 1868 – 1918. (80)

**A.2 Micheál Dáibhéidh**
Déan trácht ar an bpáirt a ghlac Micheál Dáibhéidh (1846 – 1905) i gcúrsaí na hÉireann. (80)

**A.3 Topaicí Éagsúla**
Pléigh an pháirt a bhí ag **DHÁ CHEANN** díobh seo a leanas i stair na hÉireann idir na blianta 1868 agus1918:
*na hiarrachtaí a rinneadh athbheochan a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar chluichí traidisiúnta na hÉireann; an ghluaiseacht liteartha Angla-Éireannach; fás gluaiseacht an lucht oibre; mná ag glacadh páirt sa saol poiblí.* (80)

**A.4 Carson agus Craig**
*Carson agus Craig i bpáirt lena chéile, b'shin ceann de na comhpháirtíochtaí ba chumasaí i stair na hÉireann.*
Déan plé ar an bpáirt a ghlac Edward Carson agus James Craig i stair na hÉireann anuas go dtí 1920 agus aird á thabhairt agat ar an ráiteas thuas. (80)

**A.5. Art Ó Gríofa**
Déan plé ar an bpáirt a ghlac Art Ó Gríofa, 1871 – 1922, i saol polaitíochta na hÉireann. (80)

### B

**B.1. Liam T. Mac Coscair**
Tabhair breithmheas ar an bpáirt a ghlac Liam T. Mac Coscair (1880 – 1965) i gcúrsaí na hÉireann. (80)

**B.2. Na Léinte Gorma**
Déan plé ar na dálaí ba chúis le teacht i dtreis gluaiseacht na Léinte Gorma, agus freisin déan plé ar an tuairim *gur leagan Éireannach den fhaisisteachas a bhí sa ghluaiseacht chéanna.* (80)

**B.3. Cúrsaí Angla-Éireannacha, 1932 – 1945**
*Ba é neodracht na tíre seo sa Dara Cogadh Domhanda buaicphointe pholasaí de Valera chun neamhspleáchas na tíre seo a bhunú go láidir.*
Agus aird á thabhairt ar an ráiteas sin, déan plé ar cé chomh maith is a láimhseáil de Valera cúrsaí Angla-Éireannacha, 1932 – 1945. (80)

**B.4. Sir Basil Brooke (An Tiarna Brookeborough)**
Tabhair breithmheas ar obair Sir Basil Brooke mar Phríomh-Aire Thuaisceart Éireann, 1943 – 1963. (80)

**B.5. Éire sna Caogadaí**
*Na tréithe ba mhó a bhí le sonrú ar Éirinn sna blianta idir 1950 agus 1960 ná mí-shocracht i gcúrsaí polaitíochta, agus marbhántacht i gcúrsaí eacnamaíochta agus i gcúrsaí sóisialta.* Pléigh é sin. (80)

### C

**C.1. An Eoraip, 1870 – 1914**
*Ba thréimhse í 1870 – 1914 inar tharla athruithe móra i gcúrsaí eacnamaíochta agus i gcúrsaí sóisialta san Eoraip.* Pléigh é sin. (80)

**C.2. Leathnú na hEorpa thar lear**
Déan trácht ar na cúiseanna le leathnú na hEorpa thar lear tar éis 1870, agus déan plé ar an dteangmháil a bhí ag na cumhachtaí Eorpacha len a chéile mar thoradh ar an leathnú seo. (80)

**C.3. An Fhrainc, 1871-1914**
Déan trácht ar na deacrachtaí inmheánacha agus na deacrachtaí seachtracha a bhí le sárú ag Tríú Phoblacht na Fraince sa tréimhse, 1871 – 1914. (80)

**C.4. Ceist an Oirthir**
*Idir na blianta 1870 agus 1914, bhí Ceist an Oirthir mar chúis le teannas idir na cumhachtaí Eorpacha, agus chuidigh sé le briseadh amach an Chéad Chogaidh Dhomhanda.* Pléigh é sin. (80)

**C.5. Lenin**
Tabhair breithmheas ar an bpáirt a ghlac Lenin i stair na Rúise. (80)



THALL →

# D

**D.1. Benito Mussolini**

Tabhair breithmheas ar conas mar a ghníomhaigh Mussolini i ngnóthaí inmheánacha agus i ngnóthaí eachtracha le linn dó a bheith i gcumhacht mar cheannaire ar an Iodáil. (80)

**D.2. Conradh na Náisiún**

*Cé gur theip air sa phríomh-aidhm a bhí aige, sé sin stop a chur le cogadh domhanda eile, mar sin féin níor theip ar Chonradh na Náisiún go hiomlán.* Pléigh é sin. (80)

**D.3. Cogadh Domhanda II**

Maidir leis an Dara Cogadh Domhanda, 1939-1945, tabhair cúis le cé chomh maith agus a d'éirigh leis an nGearmáin i dtosach an chogaidh ach gur theip uirthi sa deireadh. (80)

**D.4. An Bhreatain Mhór**

Déan trácht ar na deacrachtaí inmheánacha agus seachtracha a bhí le sárú ag an mBreatain Mhór i rith na tréimhse, 1945 – 1966. (80)

**D.5. Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Eoraip**

Déan plé ar conas mar a d'athraigh an pháirt a ghlac Stáit Aontaithe Mheiriceá i gcúrsaí na hEorpa sa tréimhse, 1939 - 1966. (80)

# E

**E.1. Ábhar Taighde; Éire, 1868-1966**

**(i)** Scríobh cuntas ar ábhar i stair na hÉireann, 1868 - 1966, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nár úsáid tú** sna freagraí ar Roinn **A** nó Roinn **B**. (56)

**(ii)** Tabhair **dhá** chúis, bunaithe ar stair na hÉireann, ar cheap tú gurbh fhiú staidéar speisialta a dhéanamh ar an topaic seo. (6)

**(iii)** Ainmnigh **dhá** fhoinse a scrúdaigh tú chun eolas a fháil ar do ábhar taighde, agus tabhair breithmheas ar **ceann amháin** de na foinsí sin. (10)

**(iv)** Déan cur síos ar na modhanna a úsáid tú chun eolas a thógaint as na foinsí a ainmnigh tú i (iii) thuas. (8)

**E.2. Aiste**

Scríobh aiste ar **CEANN AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** An pháirt a ghlac na hEaglaisí i stair na hÉireann, 1868 – 1966.
**(ii)** Isaac Butt.
**(iii)** An bhaint a bhí ag rialtais na gCoimeádach le hÉirinn, 1886 – 1906.
**(iv)** Scéal na Gaeilge, 1922-1966.
**(v)** Gluaiseacht an Lucht Oibre, 1922-1966. (80)

**E.3. Ábhar Taighde; An Eoraip, 1870-1966**

**(i)** Scríobh cuntas ar ábhar i stair na hEorpa, 1870 – 1966, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nár úsáid tú** sna freagraí ar Roinn **C** nó Roinn **D**. (56)

**(ii)** Tabhair **dhá** chúis, bunaithe ar stair na hEorpa, ar cheap tú gurbh fhiú staidéar speisialta a dhéanamh ar an topaic seo. (6)

**(iii)** Ainmnigh **dhá** fhoinse a scrúdaigh tú chun eolas a fháil ar do ábhar taighde, agus tabhair breithmheas ar **ceann amháin** de na foinsí sin. (10)

**(iv)** Déan cur síos ar na modhanna a úsáid tú chun eolas a thógaint as na foinsí a ainmnigh tú i (iii) thuas. (8)

**E.4. Aiste**

Scríobh aiste ar **CEANN AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** An caidreamh idir an Bhreatain Mhór agus an Ghearmáin, 1870 – 1914.
**(ii)** An Cogadh ar muir sa Chéad Chogadh Domhanda, 1914 – 1918.
**(iii)** Cogadh Cathartha na Spáinne, 1936 – 1939.
**(iv)** Konrad Adenauer.
**(v)** An ghluaiseacht i dtreo na hAontachta san Eoraip ó 1945 ar aghaidh. (80)